

## Guí an Phobail

Cuirimís anam N. agus anamach na marbh ar fad faoi bhrínár nguí anois.

Guimís ar son N. atá imithe romhainn anois ar shlí na bhfirinne. Go raibh leaba aige/aici i measc na Naomh. A Thiarna éist linn.

**Fr: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.**

1. Iarramid ort do bheannacht a chur ar aon duine in ár measc atá faoi ualach bróin, cráite agus croi briste. Go gcuire Dia a dhá lámh thart orthu. Go líona sé a gcroíthe le misneach & dóchas. A Thiarna éist linn.

**Fr: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.**

2. Guímid orthu siúd a thug aire do N. Go mbeidh lámha Dé agus grásta Dé dhá stiúradh ina gcuid oibre. A Thiarna éist linn.

**Fr: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.**

3. Guimíd orthu siúd go léir a fuair bá go hóg nó go hobann, ar thalamh, ar an bhfarraige nó san aer. Solas na bhflaitheas agus suimhneas síorraí dóibh uilig. A Thiarna éist linn.

**Fr: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.**

4. Guímid ar son aon duine atá tinn nó in ísle bhrí faoi láthair. Go dtuga Dia misneach agus sólás dóibh. A Thiarna éist linn.

**Fr: A Thiarna bí ceansa agus éist linn.**

S: Cuimhne, a Thiarna orthu siúd a chodhlaíonn sa tsíocháin. Tabhair suimhneas síorraí dóibh go dtí go gcasfar ar a chéile arís muid í do ríocht ar neamh. Iarraimid é seo tré Críost ár dThiarna. Ameán